Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Feabhra 2024
(OR. en)

6737/24

LIMITE

COEST 126

PUBLIC

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBealarúis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBealarúis, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 19 Feabhra 2024.

PUBLIC

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBealarúis**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na Conclúidí uaithi an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an mBealarúis, inar leagadh amach beartas an Aontais i leith na Bealarúise.
2. Seasann an tAontas le muintir na Bealarúise. Cuireann an Chomhairle i dtreis a tacaíocht bhuanseasmhach do mhuintir na Bealarúise agus iad sa tóir ar shaoirse, ar dhaonlathas, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas a bhaint amach don Bhealarúis le go mbeadh sí mar chuid d'Eoraip shíochánta rathúil.
3. Is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí go bhfuil staid chearta an duine sa Bhealarúis ag dul in olcas agus cáineann sí go láidir na feachtais leanúnacha ghéarleanúna agus imeaglaithe atá ar bun ag réimeas na Bealarúise i gcoinne gach cuid de shochaí na Bealarúise, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine, iriseoirí, ceardchumannaithe neamhspleácha, ionadaithe na sochaí sibhialta agus daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Is saoth léi go bhfuil príosúnaigh pholaitiúla fós i bpríosún i ndálaí uafásacha, iad faoi lé céastóireachta agus drochíde, gan teacht acu ar sheirbhísí riachtanacha sláinte, agus is saoth léi freisin gur coinníodh go leor de na príosúnaigh sin ar feadh tréimhsí fada gan teagmháil acu lena ndlíodóirí ná lena ngaolta. Iarrann an tAontas go ndéanfaí na príosúnaigh pholaitiúla uile a scaoileadh saor láithreach gan choinníoll, agus go ndéanfaí iad a athshlánú go héifeachtach. Tathantaíonn sé freisin ar údaráis na Bealarúise deireadh a chur le pionós an bháis agus, mar chéad chéim, moratóir a thabhairt isteach.
4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil an bonn á bhaint de chothroime agus de dhlisteanacht na dtoghchán parlaiminteach agus áitiúil atá sceidealaithe don 25 Feabhra 2024 leis an gcos ar bolg – nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo – atá á himirt, lena n-áirítear ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin neamhspleácha, agus freisin leis na srianta ar rannpháirtíocht pholaitiúil. Is oth leis an Aontas gur chinn údaráis na Bealarúise gan cuireadh a thabhairt do mhisean breathnóireachta toghchán ó Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) chun breathnú ar na toghcháin atá ar na bacáin, agus gur rud é sin atá contrártha lena ngealltanais idirnáisiúnta.
5. Tacaíonn an Chomhairle i gcónaí le ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise a n-ionadaithe a thoghadh trí shaorthoghcháin chóra. Iarrann an tAontas ar údaráis na Bealarúise dul i mbun idirphlé cuimsitheach dáiríre le gach gné den tsochaí d'fhonn saorthoghcháin chóra a reáchtáil, faoi bhreathnóireacht ESCE/ODIHR agus i gcomhréir le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta.
6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici iad siúd atá freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine a thabhairt os comhair cúirte. Tá ollsáruithe ar chearta an duine á ndéanamh i gcónaí chun sochaí na Bealarúise a chur faoi chois agus chun gobán a chur i mbéal aon duine a mheastar a bheith ag cur i gcoinne an réimis. D'fhéadfadh sé gur coireanna in aghaidh an chine dhaonna a bheadh i gcuid de na sáruithe sin, dar le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine.
7. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go gcoimeádfadh Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine súil ghéar i gcónaí ar staid chearta an

duine sa Bhealarúis agus is díol sásaimh dó obair an Rapóirtéara Speisialta maidir le staid Chearta an Duine sa Bhealarúis, obair Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus an tArdán Idirnáisiúnta Cuntasachta don Bhealarúis. Tathantaíonn an tAontas ar údaráis na Bealarúise comhoibriú go hiomlán le sásraí idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine. Is uirlis thábhachtach é freisin dlínse uilíoch a chur i bhfeidhm chun saoirse ó phionós a chosc agus a chomhrac agus chun cuntasacht idirnáisiúnta a chur chun cinn.

8. Cáineann an Chomhairle foraithne an 4 Meán Fómhair 2023, a shínigh Alyaksandr Lukashenka, lenar cuireadh srian le pasanna agus le seirbhísí consalachta eile do Bhealarúisigh thar lear agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt do shaoránaigh na Bealarúise san Aontas a theith ón gcos ar bolg, lena n-áirítear trí iarrachtaí comhordaithe i measc Bhallstáit an Aontais.

9. Cáineann an Chomhairle go láidir an tacaíocht leanúnach a thug réimeas na Bealarúise do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus iarrann sí ar an mBealarúis staonadh ó na gníomhaíochtaí sin agus cloí lena hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ní mór don Bhealarúis éirí as a bheith ina comhchoirí i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cáineann an tAontas na fógraí ón Rúis go bhfuil sé ar intinn aici airm núicléacha a úsáid ar chríoch na Bealarúise agus cáineann sé freisin gur tháinig an Rúis agus an Bhealarúis ar chomhaontú chuige sin. Téann na fógraí sin i gcoinne ghealltanais idirnáisiúnta na Bealarúise faoi Mheabhrán Bhúdaipeist agus cuireann siad leis an mórtheannas atá ann cheana féin. Cáineann an Chomhairle freisin comhpháirteachas réimeas na Bealarúise i ndíbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine agus athdhearbhaíonn sí a hiarraidh phráinneach ar an mBealarúis a áirithiú go bhfillfidh siad go sábháilte ar an Úcráin láithreach. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do cheannasacht agus do neamhspleáchas na Bealarúise.

10. Cáineann an Chomhairle go láidir freisin na hionsaithe hibrideacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais, lena n-áirítear ionstraimiú imirceach ag réimeas na Bealarúise, i gcomhpháirt leis an Rúis, chun críoch polaitiúil. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh i ndlúthpháirtíocht leis na Ballstáit sin atá buailte

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur príomhthosaíocht don Aontas é sábháilteacht agus slándáil suiteálacha núicléacha. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tAontas in iúl gur cúis imní dó an iliomad saincheisteanna sábháilteachta atá fós gan réiteach ag stáisiún cumhachta núicléiche na Bealarúise agus tathantaíonn sé ar an mBealarúis cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde maidir le sábháilteacht chomhshaoil agus núicléach, agus moltaí an Aontais maidir le tástálacha struis a chur chun feidhme go pras.

12. Tá smachtbhannaí spriocdhírithe forchurtha ag an gComhairle mar fhreagairt ar an gcos ar bolg, ar mhí-iompar an phróisis toghcháin, ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann a ghríosú agus a eagrú, ar sháruithe ar chearta an duine, agus ar rannpháirtíocht na n-údarás i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I gcomhréir le cur chuige céimnitheach an Aontais, tá an tAontas réidh chun bearta sriantacha breise spriocdhírithe a ghlacadh, a fhaid is a mbeidh na ngníomhaíochtaí sin ar bun ag údaráis na Bealarúise.

13. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka atá ag dul i bhfeidhm ar fhéiniúlacht náisiúnta na Bealarúise agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta tacú le teanga agus cultúr na Bealarúise agus iad a chur chun cinn. Meabhraíonn an tAontas a thábhachtaí atá teagmhálacha duine le duine, *inter alia* trí thacú leis an tsoghluaisteacht, leis an óige agus le gníomhaíochtaí cultúrtha, i gcomhréir leis na prionsabail a áirítear sna Conclúidí ón gComhairle in 2020. Leanann gnáthshaoránaigh na Bealarúise de thairbhe a bhaint as an gComhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú idir an tAontas agus an Bhealarúis.

14. Is mór ag an gComhairle sochaí shibhialta na Bealarúise mar chomhpháirtí tábhachtach faoi chuimsiú Chomhpháirtíocht an Oirthir agus meabhraíonn sí go bhfuil Comhpháirtíocht an Oirthir fós oscailte don Bhealarúis amach anseo, ach an daonlathas a bheith i réim.

15. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do shochaí shibhialta agus d'fhórsaí daonlathacha na Bealarúise. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh Grúpa Comhairleach AE i gcomhar le sochaí shibhialta agus fórsaí daonlathacha na Bealarúise, agus gur comhordaíodh an cúnamh trí Chruinnithe na nOifigeach Sinsearach, agus cuireann sí in iúl go bhfuil sí i bhfabhar go leanfaí leo. Is díol sásaimh don Aontas freisin an comhar idir Comhairle na hEorpa agus fórsaí daonlathacha na Bealarúise agus an tsochaí shibhialta, tríd an nGrúpa Teagmhála.

16. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag fórsaí daonlathacha agus sochaí shibhialta na Bealarúise agus molann sé na hiarrachtaí sin, agus aithníonn sé an rogha atá déanta acu ar son na hEorpa. Beidh áit ag an mBealarúis amach anseo i dteaghlach na hEorpa, ach an daonlathas a bheith i réim ansin. A luaithe a rachaidh an Bhealarúis i mbun aistriú daonlathach, tacóidh an tAontas léi a geilleagar a chobhsú agus a hinstitiúidí a athchóiriú. Is é is aidhm dúinn cabhrú le hathléimneacht agus le hathchóirithe daonlathacha a chothú, poist nua a chruthú agus caighdeán maireachtála daoine a fheabhsú, lena n-áirítear Plean Cuimsitheach Tacaíochta Eacnamaíoch suas le EUR 3 bhilliún do Bhealarúis dhaonlathach.

17. Tá an tAontas tiomanta tús áite a thabhairt i gcónaí don Bhealarúis ar an gclár oibre idirnáisiúnta. Féadfaidh muintir na Bealarúise a bheith muiníneach go bhfuil an tAontas Eorpach ag díriú i gcónaí ar a bhfolláine, ar a gcearta daonna agus ar a dteidlíocht ar thodhchaí rathúil i mBealarúis dhaonlathach.

PUBLIC